



Tóraíocht Achair

Céim	Snáithe	Snáithaonad
1	Tomhais	Ag Tomhas

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaiticiúla
Trí eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann feasacht a léiriú gur féidir gnéithe rudaí amhail fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas agus a chur i gcomparáid.	- Tá gnéithe ag rudaí gur féidir a thomhas ar nós fad, meáchan, toilleadh agus achar. - Is é ceann de chuspóirí an tomhais, chun rudaí a chur i gcomparáid.

Matamaitic á Foghlaim

San eispéireas foghlama seo, iarrtar ar na foghlaimeoirí achar réad beag a chur i ¹[OBJ]. Úsáideann na foghlaimeoirí nóta greamaitheach nó cearnóg chairtchláir chun réada a aimsiú sa seomra ranga ag a bhfuil achar níos lú/níos mó ná mar atá ag an nóta greamaitheach. Breacann siad síos na réada a aimsíonn siad agus cuireann siad in ord iad de réir a nachar.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaimeoir</i>			
Déanann sé comparáid dhíreach idir an nóta greamaitheach agus an réad lena fháil amach céard é achar an réada.	Míníonn sé an straitéis a d'úsáideadh chun réada a thástáil, e.g. chuir mé ar an mbarr é chun é a thástáil, chuir mé i gcomparáid lena chéile iad trí bhreathnú orthu.	Tuarann sé cé acu an bhfuil achar an réada níos lú/níos mó ná an nóta greamaitheach sula ndéanfaidh sé an chomparáid agus is féidir leis míniú a thabhairt ar an bhfáth a ndearnadh an tuar sin.	Cuireann sé na réada in ord agus míníonn sé cén fáth ar roghnaíodh an t-ord sin.

¹ <https://nzmaths.co.nz/resource/prints-and-outlines>



Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a spreagadh leis an Matamaitic
Cruthaigh grúpaí cumais mheasctha, chun a chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir páirt a ghlacadh san eispéireas foghlama.	Cuir am ar leataobh do na foghlaimeoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar a dtimpeallacht áitiúil trí lionsa an achair.
Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí taifead a dhéanamh ar ord a réad ar réimse bealaí agus trí réimse ábhar a úsáid.	
Tascanna Dúshlánacha Cognaíocha a Úsáid	Comhrá Mata a Chur Chun Cinn
Cuir réimse cruthanna cairtchláir rialta agus neamhrialta ar fáil do na foghlaimeoirí agus tástáil céard iad na réada a chlúdaíonn níos mó/níos lú/an méid céanna spáis, m.sh, dronuilleog, cearnóg, ciorcal etc.	Iarr ar na foghlaimeoirí smaointe a roinnt ach úsáid a bhaint as leideanna más gá chun tacú le smaointeoireacht amhail ‘sílím go mbeidh sé seo níos mó ná mo nóta greamaitheach mar...’
Measúnú a Dhéanamh ar an Matamaitic	
- An féidir leis na foghlaimeoirí an straitéis a d’úsáid siad chun a réada a chur in ord a mhíniú? - An féidir leis na foghlaimeoirí réada a shainaithint ag a bhfuil achar níos lú/níos mó ná nóta greamaitheach? - Bain úsáid as punanna digiteacha nó as dialanna matamaitice chun taifead a dhéanamh ar na réada a sainaithníodh agus ar an gcaoi ar cuireadh in ord iad.	
Foinse	
<u>Tomhais: Lámhleabhar an Mhúinteora</u> leathanach 97	